"Sármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibritheach"

Tacaíocht ón Tríú Leibhéal, ón earnáil Ghnó agus ón Tionscal

Cúlra na Scéime

Is í is aidhm don scéim seo cabhrú le scoileanna tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas ceannaireachta. Tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh i scéim phíolótach atá ceaptha chun éascaíocht a dhéanamh do scoileanna **leas a bhaint as cumas ceannaireachta agus bainistíochta inmheánach agus iad a bharrfheabhsú ag gach leibhéal.**

Sa scéim cuimseofar clár náisiúnta tionscadal a bhíonn ag oibriú ag an leibhéil áitiúil. Le gach tionscadal déanfar cuir chuige i leith ceannaireacht agus bainistíocht scoile a chíoradh a thabharfaidh rannpháirt do gach ball na bhfoirne ceannaireachta i scoileanna rannpháirteacha agus a chumasóidh iad.

Dá bhrí sin tabharfar cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh i m**braislí nuálacha** ag a mbeidh fís chomhroinnte i dtaobh feabhsú scoile.

Chun críche an togra seo **sainmhínítear braisle mar chnuasach ina bhfuil idir trí agus sé scoil** a bheidh ag comhoibriú ar dhearadh, ar sheachadadh, ar mheasúnú agus ar scaipeadh torthaí na dtionscadal nuálach seo.

Beidh an scéim phíolótach, céim na n-iarratas san áireamh, ar siúl ó **mhí na Samhna 2018** ar aghaidh agus beifear ag díriú ar phleanáil agus cur i ngníomh na dtionscadal ó **mhí Feabhra 2019** ar aghaidh. Beidh an chéim phíolótach ar siúl go **mí Mheithimh 2020**.

Tacaíocht ón Tríú Leibhéal, ón earnáil Ghnó agus ón Tionscal

Is iad na hIonaid Oideachais a bheidh mar óstaigh do na braislí. Bunóidh siad painéil phearsanra ón tríú leibhéal, ón earnáil ghnó agus ón tionscal a chuirfidh comhairle agus tacaíocht ar fáil do na scoileanna rannpháirteacha. Tá seans gur chuir scoileanna rannpháirteacha cuid de na naisc seo ar bun cheana féin agus d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu i gcaitheamh saolré na scéime.

Mar thoradh ar chomhoibriú idir na scoileanna agus earnálacha eile tiocfar ar thuiscint chomhroinnte ar riachtanais na braisle agus conas is féidir déileáil leo. Beidh pleanáil agus cur i ngníomh tionscadail níos fearr mar thoradh ar an bpróiseas seo. Anseo thíos réimsí ina bhféadfadh braislí tairbhe a bhaint as an gcomhoibriú seo

- Ceannaireacht dháilte
- Bainistíocht athruithe

- Bainistíocht Tionscadail
- Cóitseáil agus meantóireacht
- Machnamh agus measúnú
- Tuiscint acadúil níos leithne a chur ar fáil
- Obair na braisle a shocrú i ndea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta